

## Gníomhaíocht Daltaí: Seicheadh & Sraitheanna Comhbhreise a iniúchadh

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, ‘Seicheadh comhbhreise a ghrafad’ ar CD an Dalta.

- Tá “a”, an chéad téarma i seicheadh comhbhreise, cothrom le 3. Tá “d”, comhbhreis an tseichimh, cothrom le 2.
  - Scríobh an chéad 6 théarma. Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

---



---



---



---




---



---

- Léirigh na téarmaí sin uile ar ghraf.



- I gcás 2 phointe ar bith ar an ngraf, faigh fána na líne a cheanglaíonn iad.

---



---

- Déan céim c. arís i gcás 3 phéire eile pointí.

---



---



---




---

- e. Céard a thugann tú faoi deara maidir leis an gcoibhneas idir an fhána agus an chomhbhreis?
- 
- 

- f. Athraigh an chéad téarma sa chomhad idirghníomhach ach bíodh 2 ina chomhbhreis i gcónaí. Céard a thugann tú faoi deara faoin ngraf seo?
- 
- 


- g. Tá “a”, an chéad téarma i seicheadh comhbhreise, cothrom le 2 agus tá “d”, an chomhbhreis, cothrom le 2. Tarraing graf chun an t-eolas sin a léiriú. Cén difríocht atá idir an graf sin agus an graf i gcuid **b**?



- h. Cé acu cainníocht sa seicheadh a chaithfidh tú a athrú chun fána a ghraif a athrú?
- 

2. Tá “a”, an chéad téarma de sheicheadh comhbhreise cothrom le 5 agus tá an chomhbhreis, “d”, cothrom le 2.
- a. Scríobh an chéad 6 théarma. Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.
- 
- 
- 
-

b. Léirigh na téarmaí sin uile ar ghraf.



c. Céard é fána na líne a cheanglaíonn na pointí sin, an dóigh leat? Seiceáil do fhreagra le 2 phointe ar bith ar an ngraf. Mínigh an fáth a ndéanann tú é sin.

---



---

3. Tá "a", an chéad téarma i seicheamh comhreise, cothrom le 6 agus tá "d", an chomhbhreis, cothrom le -1.


a. Scríobh an chéad 6 théarma. Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

---



---

b. Léirigh na téarmaí sin uile ar ghraf.



- c. Céard é fána na líne a cheanglaíonn na pointí sin, an dóigh leat? Bain leas as 2 phointe ar bith ar an ngraf mar sheiceáil ar do fhreagra. Mínigh an chúis leis sin.
- 
- 
- 

4. Is é 12 an chéad téarma i seicheamh comhbhreise, agus is é 5 an chomhbhreis.
- a. Oibrigh amach an chéad 6 théarma sa seicheamh. Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.
- 
- 
- 

- b. Faigh suim an chéad 6 théarma den seicheamh sin. Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.
- 
- 
- 

- c. Faigh suim an chéad 10 dtéarma sa seicheamh. Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.
- 
- 
- 

- d. Comhlánaigh an tábla seo a leanas:

T <sub>1</sub>	T <sub>2</sub>	T <sub>3</sub>	T <sub>4</sub>	T <sub>5</sub>	T <sub>6</sub>

- e. Ríomh T<sub>1</sub> + T<sub>6</sub>.
- 

- f. Ríomh T<sub>2</sub> + T<sub>5</sub>.
- 

- g. Ríomh T<sub>3</sub> + T<sub>4</sub>.
- 

- h. Ón bpatrún atá tugtha faoi deara agat sna 3 chuid dheireanacha den cheist seo, faigh suim an chéad 6 théarma.
- 

- i. Cuir an freagra a fuair tú i gcomparáid le hoibriú an chomhaid idirghníomhaigh.

5.

Suim an chéad n téarma i seicheadh comhbhreise  $S_n = \frac{n}{2} [2a + (n-1)d]$  agus tá an  $n^{\text{th}}$  téarma de sheicheadh comhbhreise  $T_n = a + (n-1)d$ .

Taispeán go bhfuil  $S_n = \frac{n}{2} [\text{an chéad téarma} + \text{an } n^{\text{th}} \text{ téarma}]$ .

---



---



---



---

6. Rinneadh obráid ar do ghlúin, agus comhairlíonn do thraenálaí duit filleadh ar do réisim bogshodair go mall. Molann sé 10 nóiméad bogshodair a dhéanamh an lá i ndiaidh na hobráide, agus 2 nóiméad sa bhreis a chur leis gach lá ina dhiaidh sin.

a. An seicheadh comhbhreise é sin? Mínigh do fhreagra.

---

b. Céard é an chéad téarma?

---

c. Céard í an chomhbhreis?

---

d. Céard iad na tréimhsí bogshodair don chéad 6 lá i ndiaidh na hobráide?

---

e. Cé mhéad nóiméad bogshodair a dhéanfaidh tú an 9ú lá i ndiaidh na hobráide? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

---

f. Cé mhéad nóiméad bogshodair ar fad a dhéanfaidh tú i gcaitheamh an chéad 9 lá i ndiaidh d'obráide? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

---



---

g. Seiceáil leis an gcomhad idirghníomhach na freagraí a fuair tú ar na 3 chuid dheireanacha den cheist seo.

---

- h. Más ar an gcéad lá den mhí a thosaíonn tú ar an mbogshodar, cén méid ama sa lá a bheidh á chaitheamh agat ag bogshodar faoi dheireadh na míosa (30 lá)? Bíodh do chuid áirimh le feiceáil.

---

---

- i. Cén méid ama ar fad a chaithfidh tú ag bogshodar an chéad mhí (30 lá)?

---

---

7. 200 lítear uisce atá in umar agus é lán. Ach tá uisce ag sileadh as an umar ar ráta seasmhach 5 lítear sa lá.

- a. Maidir leis na méideanna uisce san umar i ndeireadh gach lae, an ndéanann siad seicheamh comhbhreise? Cá bhfios duit?

---

- b. Céard é an chéad téarma?

---

- c. Ainmnigh an chomhbhreis.

---

- d. Cén méid uisce atá san umar gach lá an chéad 6 lá?

---

---

- e. Cén méid uisce ar fad a shileann as an umar sa chéad 6 lá?

---

---

- f. Cé mhéad lítear uisce a bheidh fós san umar faoi dheireadh an 12<sup>ú</sup> lá?

---

---

- g. Cén lá a mbeidh an t-umar leathfholamh?

---

---

- h. Cén lá a mbeidh an t-umar folamh ar fad?

---